

Oideachas Speisialta:

Caithfear gach ciorcalán ón Roinn Oid. Agus Eol. a leanacht.

© Cóipceart. Tá an polasaí seo molta ag Bord Bainistíochta na scoile, ach glacann an Bord Bainistíochta go bhfuil an ceart acu, an polasaí seo a athrú aon am is mian leo i gcomhairle le pobail na scoile. I gcás go bhfuil dearmad déanta in aon ráiteas thíos cuirfear an dearmad sin faoi bhraid an Bord Bainistíochta agus ní ghlacann an Bord Bainistíochta le haon dualgas mar gheall ar an dearmad seo.

1. Ag tús na bliana téann an oide ranga i mbun na hoibre, agus déantar breithiúnas faoi dul chun chinn na páistí atá faoina churaim. Is é/í an oide ranga ar an gcéad dul síos a dhéanann breathnú/measúnú/tabhairt faoi ndeara maidir le dul chun chinn/fadhbanna na bpáistí sa rang. I gcás go bhfuil aon amhras maidir le dul chun chinn an pháiste baillaítear eolas: ó thuaraiscís agus teisteanna atá déanta, ó thuistí, ó iar-oide an pháiste agus rí.
2. I lár mí Dheireadh Fómhair bíonn am foirmálta éagraithe idir an Oide Achmhainne agus an oide ranga, agus idir an Oide Tacaíochta agus an oide ranga chun dul chun chinn na páistí a mheas, athbhreathnú ar an bpáiste ó thús na bliana, agus díriú ar pointí speisialta don todcháí.
3. Is féidir leis na hoidí bheith i dteangbháil leis na hoidí achmhainne/tacaíochta ag oifige atá réamh socruithe, nó ag am ag a bhfuil páiste as lathair, nó má tá géar-ghá nuair atá an páiste socruithe ar chlár ar an riamhaire.
4. I gcás go bhfuil instealladh de thacaíocht foghlama ag téastáil do pháistí atá molta ag an oide ranga le cead na dtuistí, ba chóir chomh fada agus is féidir é, freastal ar an riachtanas sin. Scríobhtar Plean Oideachasiúil Aonair le cuidiú ón oide ranga, tuistí, páiste féin, trí uaire i rith na bliana faoi stiúr an oide achmhainne/tacaíochta.
5. Le freastal ar an oide achmhainne, caithfidh an páiste tuairisc síceolaíochta a fháil agus bheith faoin dara percentile. Le freastal ar an oide tacaíochta foghlama caithfidh an páiste bheith faoin 10ú percentile sa léamh nó sa Mhata, bunaithe ar an teisteanna Micra-T/Sigma-T.
6. Tá an fhoireann eolach go bhfuil fadhbanna ag páistí áirithe agus iad a aitint ó thaobh obair scoile agus obair bhaile, scríobh, caint, litriú, corpoideachas, ceol, srl. Caithfear aitint go bhfuil a caighdeán féin acu, agus bheith cúramach faoin brú.
7. Caithfear moltaí, eolas, nó ceist ó Thuistí ag Cruinnithe Aon le hAon a thabhairt san áireamh ar an mbilleog meastúcháin. Is féidir le tuistí coinne a dhéanamh má tá fadhb le socrú/eolas a lorg i scríbhinn tré litir shínithe a chur chuig an oide ranga/príomhoide. Is fearr nóta a thabhairt ar aon eolas ábharach ó thuismitheoir mar gheall ar a pháiste/eile, ionas go gcuirfear é ar aghaidh chuig an chéad oide eile/tacaíochta nó eile.

8. Bíonn na Cruinnithe Aon le hAon socrúithe le coinnithe déanta ón Runaí Scoile de réir Clanntaí na Scoile, agus tá cinn oscailte curtha ar fáil ar an litir céanna don oide Achmhainne, agus don oide Tacaíochta Foghlama. Eagraítear iad i mí na Feabhra.